Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/359

18.1.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/359 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17 Eanáir 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear do na speicis agus do na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) in éanlaith chlóis i gcúigí Alberta agus British Columbia, ráigeanna a deimhníodh idir an 8 Nollaig 2023 agus an 13 Nollaig 2023 le hanailís saotharlainne (imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise).

(6) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi 23 ráig de HPAI in éanlaith chlóis i stáit California (9), Idaho (1), Kansas (2), Michigan (2), Minnesota (1), Ohio (2), Pennsylvania (1), South Dakota (4), agus Washington (1), ráigeanna a deimhníodh idir an 14 Nollaig 2023 agus an 30 Nollaig 2023 le hanailís saotharlainne (imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise).

---

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaobh teacht isteach san Aontas, agus gluaiseacht agus láimhseáil coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha áirithe agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Tar éis na ráigeanna sin le déanaí den fhliú éanúil ardphataigineach, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(8) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc.

(9) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada agus na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, agus táirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(10) Ina theannta sin, chuir an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe ar fáil don Choimisiún maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach roinnt táirgí san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(11) Chuir Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le dhá ráig de HPAI i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i gcontaetha Devon agus Northumberland, Sasana, ráigeanna a deimhníodh an 29 Samhain 2023 agus an 27 Samhain 2023, faoi seach.

(12) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le haon ráig déag de HPAI i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i stáit Alabama, Georgia, Iowa, Minnesota, Montana agus South Dakota, ráigeanna a deimhníodh idir an 18 Deireadh Fómhair 2023 agus an 21 Samhain 2023.

(13) Chuir an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme acu chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme ar a gcríocha.

(14) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe isteach agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le fionraí teacht isteach coinsíneachtaí de tháirgí áirithe san Aontas ó na criosanna lena mbaineann sna tríú tíortha sin mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, gur cheart teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna lena mbaineann sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe óna raibh teacht isteach san Aontas curtha ar fionraí a athúdarú.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann le HPAI sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

(16) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann le HPAI agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinn V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Eanáir 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.227 agus CA-2.228 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.226:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**CA** Ceanada | CA-2.227 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 8.12.2023 | |
| | CA-2.228 | | N, P1 | | 13.12.202-3'; | |

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.325 agus GB-2.326:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**GB** An Ríocht Aontaithe | GB-2.325 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 27.11.2023 | 2.1.2024 |
| | GB-2.326 | | N, P1 | | 29.11.2023 | 1.1.2024'; |

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.469:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.469 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 18.10.2023 | 31.12.2023'; |

(iv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.472 agus US-2.473:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.472 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 19.10.2023 | 25.12.2023 |
| | US-2.473 | | N, P1 | | 24.10.2023 | 31.12.2023'; |

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.477:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.477 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 25.10.2023 | 2.1.2024'; |

(vi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.485:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US**<br>Na Stáit Aontaithe | US-2.485 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 27.10.2023 | 27.12.2023'; |

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.493, US-2.494 agus US-2.495:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US**<br>Na Stáit Aontaithe | US-2.493 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 3.11.2023 | 28.12.2023 |
| | US-2.494 | | N, P1 | | 6.11.2023 | 28.12.2023 |
| | US-2.495 | | N, P1 | | 3.11.2023 | 28.12.2023'; |

(viii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.502:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US**<br>Na Stáit Aontaithe | US-2.502 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 8.11.2023 | 2.1.2024'; |

(ix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.505:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US**<br>Na Stáit Aontaithe | US-2.505 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 9.11.2023 | 26.12.2023'; |

(x) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.534:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US**<br>Na Stáit Aontaithe | US-2.534 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 21.11.2023 | 29.12.2023'; |

(xi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.584 go US-2.606 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.583:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US**<br>Na Stáit Aontaithe | US-2.584 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 14.12.2023 | |
| | US-2.585 | | N, P1 | | 15.12.2023 | |
| | US-2.586 | | N, P1 | | 19.12.2023 | |
| | US-2.587 | | N, P1 | | 19.12.2023 | |
| | US-2.588 | | N, P1 | | 18.12.2023 | |
| | US-2.589 | | N, P1 | | 18.12.2023 | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | US-2.590 | | N, P1 | | 18.12.2023 | |
| | US-2.591 | | N, P1 | | 19.12.2023 | |
| | US-2.592 | | N, P1 | | 19.12.2023 | |
| | US-2.593 | | N, P1 | | 19.12.2023 | |
| | US-2.594 | | N, P1 | | 20.12.2023 | |
| | US-2.595 | | N, P1 | | 20.12.2023 | |
| | US-2.596 | | N, P1 | | 26.12.2023 | |
| | US-2.597 | | N, P1 | | 20.12.2023 | |
| | US-2.598 | | N, P1 | | 21.12.2023 | |
| | US-2.599 | | N, P1 | | 27.12.2023 | |
| | US-2.600 | | N, P1 | | 27.12.2023 | |
| | US-2.601 | | N, P1 | | 27.12.2023 | |
| | US-2.602 | | N, P1 | | 27.12.2023 | |
| | US-2.603 | | N, P1 | | 28.12.2023 | |
| | US-2.604 | | N, P1 | | 28.12.2023 | |
| | US-2.605 | | N, P1 | | 28.12.2023 | |
| | US-2.606 | | N, P1 | | 30.12.202-3’; | |

(b) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.227 go CA-2.228 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.226:

| | | |
|---|---|---|
| ‘Ceanada | CA-2.227 | Alberta- : Domhanleithead 49.77, Domhanfhad -112.41<br>Is iad seo a leanas na bardasachtaí lena mbaineann:<br>3 km PZ: Chin and Cranford<br>Crios faireachais 10km: Barnwell, Chin, Coaldale, Cranford, agus Tempest |
| | CA-2.228 | British Columbia- Latitude 50.28, Longitude -118.9<br>Is iad seo a leanas na bardasachtaí lena mbaineann:<br>3 km PZ: Lumby<br>Crios faireachais 10km: Cherryville agus Lumby’; |

(ii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.584 go dtí US-2.606 tar éis na tuairisce le haghaidh chrios US-2.583:

| | | |
|---|---|---|
| ‘Na Stáit Aontaithe | US-2.584 | Stát Ohio<br>Darke 03<br>Darke County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 84.4221161°W 40.3156041°N) |
| | US-2.585 | Stát Idaho<br>Latah 01<br>Latah County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 117.0641326°W 46.8254601°N) |

| | | |
|---|---|---|
| | US-2.586 | Stát Kansas<br>Rice 03<br>Rice County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh<br>(comhordanáidí GPS: 98.3881123°W 38.4672556°N) |
| | US-2.587 | Stát Kansas<br>McPherson 03<br>McPherson County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh<br>(comhordanáidí GPS: 97.8228232°W 38.5859667°N) |
| | US-2.588 | Stát South Dakota<br>Edmunds 10<br>Edmunds County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh<br>(comhordanáidí GPS: 98.9331162°W 45.5341091°N) |
| | US-2.589 | Stáit California<br>Sonoma 07<br>Sonoma County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh<br>(comhordanáidí GPS: 122.7335203°W 38.3475707°N) |
| | US-2.590 | Stáit California<br>Sonoma 08<br>Sonoma County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh<br>(comhordanáidí GPS: 122.7349377°W 38.3599102°N) |
| | US-2.591 | Stáit California<br>Sonoma 09<br>Sonoma County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh<br>(comhordanáidí GPS: 122.8290355°W 38.3690831°N) |
| | US-2.592 | Stát Michigan<br>Muskegon 02<br>Muskegon County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh<br>(comhordanáidí GPS: 85.9941649°W 43.2647910°N) |
| | US-2.593 | Stáit Washington<br>King 09<br>King County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh<br>(comhordanáidí GPS: 122.1470934°W 47.4839091°N) |
| | US-2.594 | Stáit California<br>Merced 05<br>Merced County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh<br>(comhordanáidí GPS: 120.8291402°W 37.5121171°N) |
| | US-2.595 | Stáit California<br>Merced 06<br>Merced County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh<br>(comhordanáidí GPS: 120.7901850°W 37.4445084°N) |
| | US-2.596 | Stáit California<br>Merced 07<br>Merced County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh<br>(comhordanáidí GPS: 120.8752658°W 37.5127148°N) |

| | | |
|---|---|---|
| | US-2.597 | Stát South Dakota<br>Charles Mix 09<br>Charles Mix County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 98.7492292°W 43.4731673°N) |
| | US-2.598 | Stát South Dakota<br>Edmunds 11<br>Edmunds County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 98.9596198°W 45.4798391°N) |
| | US-2.599 | Stát Pennsylvania<br>Northumberland 02<br>Northumberland County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 76.8128761°W 40.7296385°N) |
| | US-2.600 | Stát Ohio<br>Hardin 02<br>Hardin County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 83.4057258°W 40.7217754°N) |
| | US-2.601 | Stát Michigan<br>Muskegon 03<br>Muskegon County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 85.9905913°W 43.2588607°N) |
| | US-2.602 | Stát Minnesota<br>Todd 10<br>Todd County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 94.7052432°W 46.0260087°N) |
| | US-2.603 | Stáit California<br>Sonoma 10<br>Sonoma County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 122.7362595°W 38.3602098°N) |
| | US-2.604 | Stáit California<br>Sonoma 11<br>Sonoma County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 122.7441352°W 38.3520376°N) |
| | US-2.605 | Stáit California<br>Marin 01<br>Marin County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 122.8896928°W 38.3566960°N) |
| | US-2.606 | Stát South Dakota<br>Edmunds 12<br>Edmunds County: Crios ciorclach dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 98.9562551°W 45.4808892°N)’; |

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.227 agus CA-2.228 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.226:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**CA**<br>Ceanada | CA-2.227 | POU, RAT | N, P1 | | 8.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 8.12.2023 | |
| | CA-2.228 | POU, RAT | N, P1 | | 13.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 13.12.202-3’; | |

(b) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.325 agus GB-2.326:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**GB**<br>An Ríocht Aontaithe | GB-2.325 | POU, RAT | N, P1 | | 27.11.2023 | 2.1.2024 |
| | | GBM | P1 | | 27.11.2023 | 2.1.2024 |
| | GB-2.326 | POU, RAT | N, P1 | | 29.11.2023 | 1.1.2024 |
| | | GBM | P1 | | 29.11.2023 | 1.1.2024’; |

(c) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.469:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US**<br>Na Stáit Aontaithe | US-2.469 | POU, RAT | N, P1 | | 18.10.2023 | 31.12.2023 |
| | | GBM | P1 | | 18.10.2023 | 31.12.2023’; |

(d) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.472 agus US-2.473:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US**<br>Na Stáit Aontaithe | US-2.472 | POU, RAT | N, P1 | | 19.10.2023 | 25.12.2023 |
| | | GBM | P1 | | 19.10.2023 | 25.12.2023 |
| | US-2.473 | POU, RAT | N, P1 | | 24.10.2023 | 31.12.2023 |
| | | GBM | P1 | | 24.10.2023 | 31.12.2023’; |

(e) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.477:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US**<br>Na Stáit Aontaithe | US-2.477 | POU, RAT | N, P1 | | 25.10.2023 | 2.1.2024 |
| | | GBM | P1 | | 25.10.2023 | 2.1.2024’; |

(f) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.485:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US**<br>Na Stáit Aontaithe | US-2.485 | POU, RAT | N, P1 | | 27.10.2023 | 27.12.2023 |
| | | GBM | P1 | | 27.10.2023 | 27.12.2023’; |

(g) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.493, US-2.494 agus US-2.495:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.493 | POU, RAT | N, P1 | | 3.11.2023 | 28.12.2023 |
| | | GBM | P1 | | 3.11.2023 | 28.12.2023 |
| | US-2.494 | POU, RAT | N, P1 | | 6.11.2023 | 28.12.2023 |
| | | GBM | P1 | | 6.11.2023 | 28.12.2023 |
| | US-2.495 | POU, RAT | N, P1 | | 3.11.2023 | 28.12.2023 |
| | | GBM | P1 | | 3.11.2023 | 28.12.2023’; |

(h) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.502:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.502 | POU, RAT | N, P1 | | 8.11.2023 | 2.1.2024 |
| | | GBM | P1 | | 8.11.2023 | 2.1.2024’; |

(i) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.505:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.505 | POU, RAT | N, P1 | | 9.11.2023 | 26.12.2023 |
| | | GBM | P1 | | 9.11.2023 | 26.12.2023’; |

(j) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.534:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.534 | POU, RAT | N, P1 | | 21.11.2023 | 29.12.2023 |
| | | GBM | P1 | | 21.11.2023 | 29.12.2023’; |

(k) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.584 go US-2.606 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.583:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.584 | POU, RAT | N, P1 | | 14.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 14.12.2023 | |
| | US-2.585 | POU, RAT | N, P1 | | 15.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 15.12.2023 | |
| | US-2.586 | POU, RAT | N, P1 | | 19.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 19.12.2023 | |
| | US-2.587 | POU, RAT | N, P1 | | 19.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 19.12.2023 | |
| | US-2.588 | POU, RAT | N, P1 | | 18.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 18.12.2023 | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | US-2.589 | POU, RAT | N, P1 | | 18.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 18.12.2023 | |
| | US-2.590 | POU, RAT | N, P1 | | 18.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 18.12.2023 | |
| | US-2.591 | POU, RAT | N, P1 | | 19.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 19.12.2023 | |
| | US-2.592 | POU, RAT | N, P1 | | 19.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 19.12.2023 | |
| | US-2.593 | POU, RAT | N, P1 | | 19.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 19.12.2023 | |
| | US-2.594 | POU, RAT | N, P1 | | 20.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 20.12.2023 | |
| | US-2.595 | POU, RAT | N, P1 | | 20.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 20.12.2023 | |
| | US-2.596 | POU, RAT | N, P1 | | 26.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 26.12.2023 | |
| | US-2.597 | POU, RAT | N, P1 | | 20.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 20.12.2023 | |
| | US-2.598 | POU, RAT | N, P1 | | 21.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 21.12.2023 | |
| | US-2.599 | POU, RAT | N, P1 | | 27.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 27.12.2023 | |
| | US-2.600 | POU, RAT | N, P1 | | 27.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 27.12.2023 | |
| | US-2.601 | POU, RAT | N, P1 | | 27.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 27.12.2023 | |
| | US-2.602 | POU, RAT | N, P1 | | 27.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 27.12.2023 | |
| | US-2.603 | POU, RAT | N, P1 | | 28.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 28.12.2023 | |
| | US-2.604 | POU, RAT | N, P1 | | 28.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 28.12.2023 | |
| | US-2.605 | POU, RAT | N, P1 | | 28.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 28.12.2023 | |
| | US-2.606 | POU, RAT | N, P1 | | 30.12.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 30.12.202-3'. | |